



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12101/23
ADD 1
LIMITE
PV CONS 39
RELEX 950

DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ
COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eachtracha)
20 Iúil 2023

CLÁR

Leathanach

Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

3.	Cúrsaí reatha	3
4.	Fogha na Rúise faoin Úcráin	3
5.	An Tuirc.....	3
6.	Gné an bheartais eachtraigh den tslándáil eacnamaíoch	3
7.	Aon ghnó eile.....	3
IARSCRÍBHINN - Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle		4

Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

3. Cúrsaí reatha

Phléigh an Chomhairle an tSín, an caidreamh AE-CELAC (Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh), an Airméin agus an Asarbaiseáin, Próiseas Síochána an Mheánoirthir, agus an Túinéis.

4. Fogha na Rúise faoin Úcráin

Malartú tuairimí

Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir le freagairt an Aontais i gcomhthéacs fhogha na Rúise faoin Úcráin.

5. An Tuirc

Malartú tuairimí



Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir leis an Tuirc.

6. Gné an bheartais eachtraigh den tslándáil eacnamaíoch

Malartú tuairimí

Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir le gné an bheartais eachtraigh de straitéis slándála eacnamaíche na hEorpa.

7. Aon ghnó eile

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Rómáin ar fáil maidir lena hiarrthóireacht do bhreitheamh sa Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta (11830/23), an fhaisnéis ón Ostair, Poblacht na Seice agus an tSlóvaic ar an gcuairt a thug siad ar an Macadóin Thuaidh an 13 Iúil (11844/23), agus faisnéis ón nGearmáin agus an Danmhairg maidir le taidhleoireacht aeráide (11995/23).



Mír shrianta

Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha ‘A’ a leagtar amach in 11816/23

**Maidir le mír 7 ar
liosta na míreanna
‘A’:**

**Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach
Chomhaontú Comhpháirtíochta AE-ESACC (‘comhaontú
iar-Cotonou’)
*Glacadh***

RÁITEAS ÓN OSTAIR

‘Tá an Ostair sásta an cur chuige atá beartaithe a leanúint, ach ní mór di a chur in iúl, ar chúiseanna bunreachtúla, nach féidir feidhm shealadach a bheith ag an gComhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ballstáit Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, faoin dlí idirnáisiúnta go dtí go gcuirfidh sí in iúl d’Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh, mar thaiscí an Chomhaontaithe, go bhfuil na nósanna imeachta inmheánacha is gá le haghaidh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe curtha i gcrích aici.’

RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN

1. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé ar intinn ag an gComhairle cinneadh a ghlacadh lena leasaítear an togra ón gCoimisiún maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ESACC), den pháirt eile (COM (2021)312 final), chun cineál an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta a athrú ó chomhaontú AE amháin go comhaontú measctha.
2. Aithníonn an Coimisiún an gá polaitiúil atá ann le go síneofaí an Comhaontú Comhpháirtíochta chomh tapa agus is féidir.
3. Mar sin féin, seasann an Coimisiún lena mheasúnú dlíthiúil ar chineál AE amháin an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta, measúnú nár ardaíodh aon argóint dhlíthiúil ina aghaidh.
4. Dá bhrí sin, ní ghlacann an Coimisiún leis go n-eisiatar forálacha an Chomhaontaithe a liostaítear san Airteagal 4 ó chur i bhfeidhm sealadach toisc go líomhnaítear nach dtagann siad faoi inniúlacht an Aontais. Ar bhonn níos bunúsaí, measann an Coimisiún nach bhfuil sé de chumhacht ag an gComhairle téacs comhaontaithe a leasú go substaintiúil mar atá i gceangal le togra le haghaidh glacadh cinnidh chun an comhaontú a shíniú. Is ag an idirbheartaí amháin atá sé de shaincheart téacs an chomhaontaithe a chaibidliú agus a mholadh don Chomhairle é a shíniú.
5. Forchoimeádann an Coimisiún a cheart chun úsáid a bhaint, más gá, as na modhanna dlíthiúla uile atá ar fáil dó chun a áirithiú go ndéantar forálacha na gConarthaí a urramú.’

RÁITEAS ÓN UNGÁIR

‘Ba léiriú suntasach comhthola é gur glacadh Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt (ICPD) agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, arna ghlacadh ag an gceathrú comhdháil dhomhanda ar stádas na mban. Thug siad tús áite do theachtadh na gceart daonna san fhorbairt, agus rinneadh dul chun cinn tábhachtach i réimsí na sláinte, an chomhionannais idir fir agus mná agus an oideachais ó glacadh iad. Tá na réimsí sin i gcróilár Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ina gcuimsítear mar phrionsabail bhunúsacha urramú uilíoch chearta an duine agus dínit an duine, an smacht reachta, an ceartas, an comhionannas agus an neamh-idirdhealú.

Leanann an Ungáir de bheith tiomanta dá cuid gealltanais, lena n-áirítear cosaint agus cur chun cinn chearta na mban agus an chomhionannais idir fir agus mná, i gcomhréir le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Ina theannta sin, tá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe mar bhunluach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh, go háirithe in Airteagal 2 CAE agus in Airteagal 8 CFAE. I gcomhréir leo sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is é an léiriú atá ag an Ungáir ar an gcoincheap ‘inscne’ tagairt don ‘gnéas’ agus ar an gcoincheap ‘comhionannas inscne’ tagairt don ‘comhionannas idir fir agus mná’.

Tá an Ungáir lántiomanta do chur chun feidhme Chlár Gníomhaíochta ICPD agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising chomh maith le Clár Oibre 2030 agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe lena ngabhann, ar buntagairtí iad uile freisin i réimsí na sláinte gnéis agus atáirgthe agus na gceart atáirgthe. Tugann an Ungáir dá haire nach bhfuil sainmhíniú comhthoiliúil dlíthiúil ar fáil don téarma ‘sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo’, ná do shaincheisteanna gaolmhara, mar shampla ‘faisnéis chuimsitheach agus oideachas cuimsitheach maidir le sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe’ ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear laistigh den Aontas Eorpach. Ina theannta sin, baineann an t-ábhar le sainmhíntithe dlíthiúla a thagann faoi inniúlachtaí eisiacha na mBallstát. Dá bhrí sin, déanann an Ungáir na saincheisteanna sin a léiriú agus a chur chun cinn i gcomhthéacs Chlár Oibre 2030, Chlár Gníomhaíochta ICPD agus Dhearbhú agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, agus i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta. Tugann an Ungáir dá haire i ndáil leis an méid sin nach bhfuil treoir theicniúil idirnáisiúnta UNESCO maidir le hoideachas gnéasachta, dá dtagraítear sa Chomhaontú, glactha ná formheasta ag an Aontas ná ag a Bhallstáit uile, agus dá bhrí sin ní fhéadfar í a mheas mar chuid de *acquis* an Aontais ar bhealach ar bith. Aontaíonn an Ungáir leis an gComhaontú a shíniú agus a chur i bhfeidhm go sealadach ar an tuiscint nach ndéanann tagairt sa Chomhaontú do threoir theicniúil idirnáisiúnta UNESCO an staid dhlíthiúil a athrú ina leith sin, nach gcruthaítear fasach léi maidir le tagairtí a dhéanfar amach anseo i gcomhaontuithe idirnáisiúnta eile nó i ndoiciméid eile de chuid an Aontais agus nach mbeidh an treoir theicniúil ina ceangal ar na Páirtithe ar bhealach ar bith. Ina theannta sin, i gcomhthéacs ginearálta freisin, measann an Ungáir nach bhféadfadh aon fhasach dlíthiúil eascairt as glacadh an doiciméid seo a mhéid a bhaineann leis an léiriú atá ar shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe.

Agus é á chur san áireamh go bhfuil dlúthbhaint ag sreabha neamhdhleathacha imirce le cineálacha éagsúla coireachta eagraithe ar bagairt iad ar gach tír agus ar gá cur chuige cuimsitheach ina leith chun aghaidh a thabhairt ar shreabha imirce, áitíonn an Ungáir go bhfuil na tagairtí sa chomhaontú do bhainistiú imirce le tuiscint mar shrian a chur le sreabha imirce measctha i gcomhthéacs Airteagal 79(1) CFAE, i.e. gan lánurraim á tabhairt ach amháin don chuspóir, a chumhdaítear ann, maidir leis an imirce neamhdhleathach a chosc agus maidir le bearta feabhsaithe chun í a chomhrac, chomh maith le ceart na mBallstát mar a leagtar amach in Airteagal 79(5) CFAE é, ar dá réir nach ndéanfar difear do cheart na mBallstát líon na náisiúnach tríú tír a ligtear isteach a chinneadh. Tá an méid sin gan dochar do bheartas ginearálta na hUngáire darb aidhm srian a chur leis an imirce neamhdhleathach in ionad bainistiú a dhéanamh ar an bhfeiniméan.

Maidir le tagairtí sa Chomhaontú don imirce shábháilte, ordúil agus rialta agus don Chomhshocrú Domhanda maidir leis an Imirce Shábháilte, Ordúil agus Rialta, tugann an Ungáir dá haire nach bhfuil an Comhshocrú Domhanda maidir leis an Imirce Shábháilte, Ordúil agus Rialta glactha ná formheasta ag an Aontas ná ag a Bhallstáit uile, agus dá bhrí sin ní fhéadfar é a mheas mar chuid de *acquis* an Aontais ar bhealach ar bith. Aontaíonn an Ungáir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe ar an tuiscint nach ndéanann na tagairtí thuas sa Chomhaontú an staid dhlíthiúil a athrú ina leith sin, nach gcruthaítear fasach leo maidir le tagairtí a dhéanfar amach anseo i gcomhaontuithe idirnáisiúnta eile nó i ndoiciméid eile de chuid an Aontais agus nach mbeidh an Comhshocrú Domhanda maidir leis an Imirce Shábháilte, Ordúil agus Rialta ina cheangal ar na Páirtithe ar bhealach ar bith.’

RÁITEAS Ó ÉIRINN

‘Meabhraíonn Éire, dá gcinnfeadh na Páirtithe, faoi chuimsiú an Chomhaontaithe seo, comhaontuithe sonracha a dhéanamh sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhí le tabhairt i gcrích ag an Aontas de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nach mbeadh forálacha na gcomhaontuithe sonracha sin amach anseo ina gceangal ar Éirinn mura gcuirfeadh an tAontas in iúl d’Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, i gcomhthráth le hÉirinn a mhéid a bhaineann lena caidreamh déthaobhach roimhe sin, go bhfuil Éire tar éis teacht chun bheith faoi cheangal ag na comhaontuithe sonracha sin a bheidh ann amach anseo mar chuid den Aontas i gcomhréir le Prótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Ar an gcaoi chéanna, aon bheart inmheánach ina dhiaidh sin de chuid an Aontais a bheadh le glacadh de bhun an Teidil thuasluaite chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme, ní bheadh sé ina cheangal ar Éirinn ach amháin má tá sé curtha in iúl aici gur mian léi a bheith rannpháirteach sna bearta sin nó glacadh leo i gcomhréir le Prótacal Uimh. 21.’

RÁITEAS ÓN bPOLAINN

‘Tá dréachtchomhaontú iar-Cotonou ar neamhréir leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gCairt um Chearta Bunúsacha sa mhéid go gcuirtear an cor cainte ‘comhionannas inscne’, nach bhfuil sna Conarthaí, in ionad phrionsabal an ‘comhionannas idir fir agus mná’, a luaitear sna Conarthaí, sa dréachtchomhaontú sin. I gcás ina dtagraítear sa chomhaontú do ‘comhionannas inscne’, déanfaidh an Pholainn an prionsabal sin a léirmhíniú mar phrionsabal an chomhionannais idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 CAE agus le hAirteagal 23 den Chairt um Chearta Bunúsacha. Ina theannta sin, is éard a thuigeann an Pholainn leis an bhfoclaíocht ‘inscne’ atá sa chomhaontú agus nach ann di sna Conarthaí, gur ‘gnéas’ atá i gceist, i gcomhréir le hAirteagal 10, Airteagal 19(1) agus le hAirteagal 157(2) agus (4) den CFAE.

Ní thuigeann an Pholainn cearta atáirgthe ná cearta eile a dhíorthaítear uathu nó atá comhchiallach nó cosúil leo ach amháin mar ghníomhaíochtaí darb aidhm tacaíocht dhíreach a thabhairt do shláinte agus do bheatha an duine agus iad sin a shábháil, agus dá bhrí sin cuireann sí i gcoinne na brí a bhaintear as na cearta sin gur bealaí iad an ginnhilleadh agus an úsáid frithghiniúna chun an tsláinte a chur chun cinn, teaghlaigh a phleanáil nó cearta an duine a ráthú. Níl an ginnhilleadh ar chearta an duine; os a choinne sin, is bealach é chun an ceart chun na beatha a bhaint.

Maidir le ‘oideachas gnéasachta’, mar a thugtar air, is éard a thuigeann an Pholainn leis sin go gciallaíonn sé oideachas atá oiriúnach ó thaobh aoise agus ábhair de i gcomhréir le dlí iomchuí na Polainne agus leis na curaclaim arna mbunú air.’

RÁITEAS ÓN bPORTAINGÉIL

‘Agus urraim á tabhairt do phrionsabal roinnte na n-inniúlachtaí idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, mar a shainítear sna Conarthaí é, leis an gCinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, ní dhéantar difear do neamhspleáchas cinnteoireachta Phoblacht na Portaingéile maidir le hábhair idirnáisiúnta a thagann faoina hinniúlacht eisiach féin, a mbraitheann na gealltanais a bhaineann léi ar nósanna imeachta formheasa inmheánacha a bheith tugtha chun críche, i gcomhréir le prionsabail agus rialacha bunreachtúla.’

**Maidir le mír 8 ar
liosta na míreanna
'A':**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais ag
na Náisiúin Aontaithe le linn Chomhthionól Ginearálta
na Náisiúin Aontaithe 78**
Formheas

RÁITEAS ÓN UNGÁIR

‘I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir mná agus fir agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Ina theannta sin, tá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe mar bhunluach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh, go háirithe in Airteagal 2 CAE agus in Airteagal 8 CFAE. I gcomhréir leo sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is é an léiriú atá ag an Ungáir ar an gcoincheap ‘inscne’ ná tagairt don ‘gnéas’ agus ar an gcoincheap ‘comhionannas inscne’ ná tagairt don ‘comhionannas idir mná agus fir’.

RÁITEAS ÓN bPOLAINN

‘Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn comhionannas idir mná agus fir i gcóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir leis na conarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus phrionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Ar na cúiseanna sin, déanfaidh an Pholainn an leagan ‘an comhionannas inscne’ a léiriú mar thagairt don chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 8 agus 153 agus Airteagal 157 mír 3 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Tagann an Pholainn leis an gcomhdhearcaidh i ndáil leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh le haghaidh an 78^ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiúin Aontaithe ar bhonn eisceachtúil agus i bhfianaise an tseisiúin sin atá ar na bacáin amháin. Ní bhreathnaímid ar na gnéithe sonracha a luaitear thuas mar theanga chomhaontaithe ná mar bhonn d’aon chaibidlíocht amach anseo.’

**Maidir le mír 21 ar
liosta na míreanna
'A':**

**Cinneadh agus Rialachán ón gComhairle a bhaineann le bearta
sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh
foghadh na Rúise ar an Úcráin**
Glacadh

RÁITIS ÓN gCOIMISIÚN

‘1. Cumhachtaí cur chun feidhme

Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil cumhachtaí cur chun feidhme forchoimeáda ag an gComhairle di féin maidir le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine d'fhonn comhsheasmhacht a áirithiú leis an bpróiseas chun an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CFSP) 2023/XX a leasú agus a athbhreithniú. Maidir le hAirteagal 291(2) den Chonradh, tá an Coimisiún fós den tuairim go mbeadh sé níos iomchuí cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. I gCás C-440/14 P, National Iranian Oil Company ('NIOC') v an Chomhairle agus an Coimisiún, dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais go bhféadfar cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle i 'gcásanna sonracha a bhfuil údar cuí leo.' Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, nach féidir a mheas gur fasach é cás 'NIOC' do na socruithe uile maidir le cumhachtaí cur chun feidhme i ndáil le rialacháin ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha. Ina theannta sin, ós rud é gurb é atá i gceist leis an gcoincheap 'cur chun feidhme' rialacha a chur i bhfeidhm maidir le cásanna sonracha trí bhíthin gníomhartha a bhfuil feidhm aonair leo, tá sé ríthábhachtach go mbeidh an t-údarás cur chun feidhme in ann a ráthú go gcomhlíonfar na coimircí níos imeachta uile a bhfuil na daoine aonair sin ina dteideal.

2. Díolúine dhaonnúil

Tugann an Coimisiún dá aire gur mhainnigh an Chomhairle teacht ar chomhaontú maidir le díolúine dhaonnúil iomchuí a ghlacadh don staid dhaonnúil san Iaráin. Agus an díolúine níos leithne Rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe 2664 (2022) san Iaráin á mheas ag an gCoimisiún, agus i bhfianaise an riosca ró-chomhlíontachta, measann sé gurbh fhearr díolúintí comhsheasmhacha a bheith ann ar fud na mbeart sriantach éagsúil a bhaineann leis an Iaráin. Agus an Chomhairle ag gníomhú mar atá sí, tá sí ag tacú le córas ilroinnte maidir le maoluithe/díolúintí is infheidhme ar fud na gcóras smachtbhannaí éagsúla a bhfuil tionchar acu ar an Iaráin nó ar oibreacha na hIaráine a d'fhágfadh go mbeadh cúnamh daonnúil deacair.

3. Forálacha maidir le hoibleagáidí tuairiscithe, malartú faisnéise agus pionóis i gcás sáruihte ar bhearta sriantacha

Tugann an Coimisiún dá aire, i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, gur mhainnigh an Chomhairle na forálacha maidir le hoibleagáidí tuairiscithe, malartú faisnéise agus pionóis choiriúla i gcás inarb iomchuí le haghaidh sáruihte ar bhearta sriantacha mar a mhol an Coimisiún agus an tArdionadaí go comhpháirteach a thabhairt isteach go hiomlán. Measann an Coimisiún gur cheart na forálacha a áireamh i rialacháin ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha chun a chur ar a chumas don Choimisiún a ról Conartha a fheidhmiú maidir le cur chun feidhme dhlí an Aontais a áirithiú agus chun a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit bearta sriantacha an Aontais a chur chun feidhme go haonfhoirmeach agus a fhorfheidhmiú go leordhóthanach.

4. Toirmeasc taistil

Tugann an Coimisiún dá aire gur mhainnigh an Chomhairle na forálacha a thabhairt isteach lena dtoirmiscear teacht isteach i gcríoch Bhallstáit an Aontais nó idirthuras a dhéanamh trí na Ballstáit sa Rialachán ón gComhairle lena dtrasuitear an Cinneadh ón gComhairle i nDlí an Aontais. Agus sin á dhéanamh ag an gComhairle, níl urraim chuí á tabhairt aici d'inniúlachtaí an Aontais faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i réimse na mbeartas maidir le víosaí, rialú ag teorainneacha agus imirce dhleathach agus ní áirithíonn sí go gcuirfidh na Ballstáit bearta sriantacha an Aontais i bhfeidhm go haonfhoirmeach.'

RÁITEAS ÓN mBEILG, ÓN bhFIONLAINN, ÓN nGEARMÁIN, ÓN ÍSILTÍR, AGUS ÓN RÓMÁIN

'Is díol sásaimh dúinn, na comhshhítheoirí, gur glacadh an Cinneadh agus an Rialachán ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

Is oth linn, áfach, go bhfuil foráil (Airteagal 4) sa Chinneadh ón gComhairle lena gcuirtear isteach an gá le haontoilíocht chun na liostaí smachtbhannaí a bhunú agus a leasú, seachas vótáil trí thromlach cáilithe. Cuirfidh an ceanglas seo bac ar thionchar agus ar éifeachtacht an chórais smachtbhannaí agus ar na cuspóirí atá á saothrú leis.

Tagraímid leis seo d'Airteagal 31(2) CAE ina sonraítear 'nuair a ghlacfaidh sí aon chinneadh ag cur cinneadh chun feidhme lena saineofar gníomhaíocht nó seasamh Aontais, gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe'. Ciallaíonn sé sin go ndéanfar cinntí chun liosta smachtbhannaí a bhunú agus a leasú le vótáil trí thromlach cáilithe.

Is mian linn a athdhearbhú nach léirítear ar bhealach ar bith lenár gcomhaontú leis an gCinneadh ón gComhairle go bhfuil athrú tagtha ar ár seasamh ginearálta maidir le vótáil trí thromlach cáilithe agus nár cheart breathnú air mar fhasach.

I ndáil leis sin, molaimid go dtiocfadh an Chomhairle ar ais chuig an ábhar seo agus go dtionólfadh sí plé oscailte cothrománach ar an tsaincheist seo faoi choinníollacha iomchuí, plé nach mbeadh baint aige le haon togra sonracha atá idir lámha.'
